An Roinn Oideachais
Department of Education

4ú Márta 2024

# Leabhair scoile do dhaltaí in Iar-bhunscoileanna, 2025/26

A Thuismitheoir/Chaomhnóir, a chara,

Is mór an sásamh dom a chur in iúl duit gur cheadaigh an Rialtas leathnú Scéim na Leabhar Scoile Sraithe Sóisearaí do gach dalta in iar-bhunscoileanna. Ó mhí Mheán Fómhair 2025 ar aghaidh, áireofar le Scéim na Leabhar Iar-bhunscoile na daltaí uile atá i mblianta Sraithe Sinsearaí, lena n-áireofar daltaí Idirbhliana, in iar-bhunscoileanna atá sa Scéim Saoroideachais.

Tá cistiú á chur ar fáil ón Roinn Oideachais do gach scoil chun an méid sin a chumasú.

- Soláthrófar leabhair scoile agus príomhacmhainní seomra ranga do gach leanbh agus duine óg atá rollaithe i mblianta Sraithe Sóisearaí agus Sraithe Sinsearaí, lena n-áireofar daltaí Idirbhliana, in iar-bhunscoileanna atá sa Scéim Saoroideachais.
- Mar thoradh air sin, cuirfear deireadh leis an gcostas ar leabhair scoile agus ar phríomhacmhainní seomra ranga do theaghlaigh na leanaí agus na ndaoine óga sin agus maolófar an t-ualach airgeadais a bheidh ar theaghlaigh nuair a bheidh siad ag filleadh ar an scoil.

A bhuí leis an mbeart sin, táimid ag breisiú cothromas rochtana, áit a mbeidh ag gach leanbh agus duine óg atá rollaithe i mblianta Sraithe Sóisearaí agus Sraithe Sinsearaí in iar-bhunscoileanna atá sa Scéim Saoroideachais na leabhair scoile chéanna agus atá ag na leanaí agus na daoine óga eile ina rang tráth thús na scoilbhliana 2025/26.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur iarradh ar scoileanna na leabhair scoile agus na príomhacmhainní seomra ranga uile a sholáthar ón gcistiú atá ar fáil. Ní fhéadfaidh scoileanna iarraidh ar thuismitheoirí/chaomhnóirí anois ach roinnt acmhainní seomra ranga breise a sholáthar nó táille a íoc i dtreo chostas na míreanna sin. Déanfaidh scoileanna cumarsáid leat i ndáil leis an scéim.

Tá an roinn seo tar éis bileog faisnéise a fhoilsiú do thuismitheoirí/chaomhnóirí maidir le conas a oibreoidh an scéim nua. Tá an treoir maidir leis an scéim agus an bhileog faisnéise do thuismitheoirí ar fáil ag www.gov.ie/schoolbookschemes

Trí bhearta amhail Scéim na Leabhar Scoile a chur chun feidhme, leanfaidh mo roinn lenár gcuid oibre chun dul i ngleic le gach cineál míbhuntáiste san oideachas agus chun cuimsitheacht a chur chun cinn.Má bhíonn aon cheist agat maidir leis an scéim nua seo, seol ríomhphost chuig: postprimaryschoolbooks@education.gov.ie

Helen McEntee

Helen McEntee TD
An tAire Oideachais